NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10616 – CAF / CORADIA POLYVALENT BUSINESS / TALENT 3 BUSINESS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 193/04)

1. An 2 Bealtaine 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Construcciones y Auxiliar de Ferrocarriles, S.A. ("CAF", an Spáinn),

— Príomhardán rothstoic Alstom de chuid Coradia Polyvalent agus saoráid táirgthe de chuid Alstom atá lonnaithe in Reichshoffen ("Coradia Polyvalent Business", an Fhrainc),

— Príomhardán rothstoic Bombardier de chuid Talent 3 ("Talent 3 Business", an Ghearmáin).

Gheobhaidh CAF rialú ar Coradia Polyvalent Business agus Talent 3 Business ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir rothstoic é CAF de chineálacha éagsúla feithiclí iarnróid le gléasraí táirgthe sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe, i Meicsiceo agus sa Bhrasaíl;

— Is príomhardán traenach é Coradia Polyvalent Business, a mhonaraítear faoi láthair sa ghléasra Reichshoffen sa Fhrainc. Is ardán solúbtha é a bhfuil ar a chumas luasanna réigiúnacha (suas le 160 km/u) agus idirchathracha (idir 200 km agus 249 km/u) a bhaint amach i dtarraingt leictreach nó démhodhach;

— Is príomhardán traenach é Talent 3 Business, a mhonaraítear faoi láthair ag láithreacha Alstom in Hennigsdorf agus Bautzen, sa Ghearmáin. Is ardán solúbtha é a bhfuil ar a chumas luasanna réigiúnacha (suas go dtí 160 km/u agus an luas sin san áireamh) a bhaint amach le tarraingt leictreach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10616 – CAF / CORADIA POLYVALENT BUSINESS / TALENT 3 BUSINESS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË